Vacsaín niúmacocúil

Eolas le haghaidh Tuistí

Céard é an galar niúmacocúil?

Is ionann galar niúmacocúil agus ionfhabhtú cruthaithe ag na baictéir streipteacocas niúmóniae.

Conas a scaiptear galar niúmacocúil?

Tá galar niúmacocúil tógálach. Cónaíonn na baictéir i srón agus i scórnach daoine daonna. Scaiptear an galar tríd an aer le duine ag tógáil na baictéar ag casachtaigh, ag sraothartach nó fiú amháin ag análadh.

Céard iad na galair a bhíonn mar thoradh air?

D'fhéadfadh galar niúmacocúil galair troma a chruthú ar a n-áirítear:

- Meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn)
- Seipticéime (nimhiú fola)
- Niúmóine

Cé na daoine is mó atá faoi phriacal?

Bíonn galar niúmacocúil is coitianta i bpáistí faoi bhun a dó agus i ndaoine thar 65 bhliana d'aois (féach léaráid).

Rátaí galair niúmacocúla de reír aoisghrúpa 2006 (foinse: Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC)



An bhfuil vacsaín ar fáil i gcoinne galar niúmacocúil?

Tugadh vacsaín Niúmacocúil (PCV) do pháistí le ríochtaí sláinte ar leith in Éirinn ó 2002 i leith. Gheobhaidh leanaí a thagann ar an saol ar nó i ndiaidh an 1ú Iúil 2008 PCV ag 2 agus 6 mhí d'aois ag an am céanna is a fhaigheann siad a vacsaíní eile. .

An bhfuil sé sábháilte níos mó ná vacsaín amháin a fháil ag an am céanna?

Sea, tá sé sábháilte. Bíonn na vacsaíní amaithe chun an cosaint is fearr a thabhairt do do leanbh.

An bhfuil teanndáileog PCV ag teastáil ó mo leanbh?

D'fhonn cosaint breise a thabhairt i gcoinne ionfhabhtaithe niúmacocúil, ba chóir do do leanbh teanndáileog PCV a fháil ag an am céanna is a fhaigheann siad a vacsaín " MMR" ag 12 mhí d'aois.

Céard a tharlóidh tar éis don vacsaín a bheith tugtha?

D'fhéadfadh roinnt leanaí fulaingt le míchompord, deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh. D'fhéadfadh sé/sí a bheith cantalach agus d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein do leanaí a thabhairt dó/di. Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach mbíonn a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

Cé hiad na daoine nár chóir dóibh PCV a fháil?

Is beag duine nár chóir dó/di PCV a fháil. Níor chóir do do leanbh an vacsaín a fháil má tháinig fíorfhrithghníomh ailléirgeach air/uirthi (anaifiolacsas) de bharr dáileoige a fuair sé/sí roimhe sin nó aon chuid de vacsaín.

Tugann PCV cosaint amháin i gcoinne na straidhní is coitianta de streipteacocas niúmóine a chúisíonn meiningíteas niúmacocúil agus seipticéime. Tá cineálacha eile de na galair seo ann, mar sin tá gá ann go mbeadh aithne agat ar na siomptóim a bhaineann leo. D'fhéadfaidís seo a áireamh:

- Fiabhras
- Ag diúltú bia
- Craiceann meathbhán nó le flioscaí air, spotaí nó gríos
- Tuirse nó deacrachtaí chun múscailt

Más rud é go bhfuil tú buartha faoi do leanbh, cuir fios ar do dhochtúir teaglaigh gan mhoillI.

Chun a thuilleadh eolais a fháil

- Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí.
- Faigh cóip de **Imdhíontaí do linbh – Treoir do thuistí** ó d'altra sláinte poiblí
- Tabhair cuairt ar www.immunisation.ie nó www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú
Dáta foilsithe: Aibreán 2008
Cód Ordaithe: HNI00512

.